# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 25 – 31 Iúil 2026**

**Séipéal na Carraige**
**Dé Sathairn, 25 Iúil ar a 7.30in**
**Dé Máirt, 28 Iúil, ar a 9.30rn - Intinn:** Clann Uí Mhuircheartaigh – Na Cerranna, Baile Lochaigh agus Baile Ghib, atá ar shlí na fírinne.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 26 Iúil ar a 10.00rn**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eamon Mulvihill 066-7139145

**Guí an Phobail**
Conchúr Ó hÍorbaird, Bealach, Co. Luimnigh, a fuair bás le déanaí.
Seán Ó Loingsigh, Droim Seanbhó, Co Liatroma, a fuair bás le déanaí.
Mary Conway, Cuilleannach, an Daingean, a fuair bás le déanaí.
Maureen Curran, Sráid Eoin, An Daingean, a fuair bás le déanaí.
Angela Uí Ghrifín, Baile Mhistéala agus Dún Síon, a fuair bás le déanaí.

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 2 Lúnasa ar a 9.00rn**
**Intinn:** Cáit de Mórdha (Ní Lúing), Baile an Ghleanna, 50ú C.B. agus a fear céile Willie agus deartháir a céile, Jack.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 2 Lúnasa ar a 10.00rn**



**Aifrinntí i rith na seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 9.30rn,
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine 7.00in

## Cluiche Ceannais Caide na hÉireann

Gach rath ar imreoirí agus foireann bainistíochta Chiarraí a bheidh ag tabhairt aghaidh ar fhoireann Mhaigh Eo an Domhnach seo. Go dtuga Dia slán sábháilte gach duine agus iad ag teacht agus ag imeacht.

**Bailiúchán Speisialta**
Beidh bailiúchán speisialta ar mhaithe le Ionad Tréadach na Deoise, an deireadh seachtaine seo chugainn **1/2 Lúnasa.**

## Fuinneog Daite i Séipéal na Carraige

Tá athchoiriú ár dhéanamh ar an bhfuinneog daite (Muire na Síor Chabhrach) ar bhinn Shéipéal na Carraige faoi láthair. Cosnóidh an togra seo agus an obair a bhaineann leis timpeall €25,000. Má tá éinne sásta cabhrú bheimís buíoch as síntiúis. Go gcuití Dia go fial le gach duine a thug síntiúis go dtí seo.

## Duaiseanna don gCrannchur/Ceant

Beidh Ceolchoirm an Pharóiste ar siúl i Halla na Feothanaí, Dé Máirt, 11 Lúnasa. Táimid ag lorg saothar ealaíne nó duais a bheadh oirúnach do cheant nó don gCrannchur Mór nó spotdhuaiseanna do na ceolchoirmeacha. Má tá a leithéid agat cuir scéal go Tigh na Sagart 066-9156131 nó oifig@yahoo.ie. Bheimis ana shásta dá mbeadh daoine ábalta ticéid a dhíol dúinn don gCrannchur Mór. Ní neart go cur le chéile! Beidh an tarrac don gCrannchur Mór ar siúl ag Ceolchoirm an Fhómhair in Ionad an Bhlascaoid, Dé Domhnaigh, 25 Deireadh Fómhair.

## Oilithreacht Náisiúnta go Cruach Phádraig

Beidh Oilithreacht Náisiúnta go Cruach Phádraig an Domhnach seo (26 Iúil), Domhnach na Cruaiche. Cuimhnímid ar na hoilithrigh ar Chruach Phádraig agus oidhreacht Phádraig, Aspal na hÉireann. *Dóchas linn Naomh Pádraig.*

Tá **gléas Buail agus Tabhair** i Séipéal Naomh Uinseann anois, is féidir airgead a thabhairt don bparóiste le do chárta bainc. €2, €5, €10, nó €20 ann.

**Tabhacht an Domhnaigh**

Ní hamháin gur am adhartha é Aifreann an Domhnaigh ach am misinéireachta freisin. Tar éis dúinn éisteacht le briathar Dé agus Corp agus Fuil Chríost a ghlacadh, cuirtear sinn chun ár gcreideamh a chaitheamh go laethúil mar mhisinéirí; cuirtear sinn chun grá Chríost a roinnt le daoine eile. De réir mar a ghlacaimid páirt in Aifreann an Domhnaigh, ní hamháin go bhfaighimid cothú spioradálta agus an neart freisin chun ár misean Críostaí a chur i gcrích. Mar a chuir an Pápa Proinsias i gcuimhne dúinn, 'Ní théimid chuig an Aifreann chun rud éigin a thabhairt do Dhia, ach chun a fháil uaidh an rud atá de dhíth orainn i ndáiríre.' Sa spiorad seo, glaotar orainn páirt a glacadh san Eocairist ní as oibleagáid, ach le fonn domhain ar chlaochlú spioradálta. Téacs iomlán www.catholicbishops.ie.

**Machnamh: An Chéad Léacht (Céadleabhar na Ríthe 3:5, 7-12)**

Roghnaíodh an léacht seo ina iarrann an Rí Solamh (Solomon) croí tuisceanach chun an mhaith a aithint thar an olc. Oireann an ceacht sin leis an léacht sa tSoiscéal ina bhfuil cur síos sa pharabal ar ríocht na bhflaitheas atá cosúil le péarla breá, nó mar chiste luachmhar folaithe i ngort. An cuntas ó Chéadleabhar na Ríthe tá sé mar thús ar réimeas an Rí Solamh, mac Dháiví. Bhí teist na heagna agus na heagnaíochta ar Sholamh … Níor iarr sé ar Dhia ach an t-aon rud a bheadh uaidh chun a bheith i gceannas ar a phobal. Agus an rud a roghnaigh sé ná croí tuisceanach chun an mhaith a aithint thar an olc.

**Lá Domhanda na Seanthuismitheoirí agus Seandaoine**

Beidh an séu Lá Domhanda na Seanthuismitheoirí agus Seandaoine á chomóradh an Domhnach seo, **26 Iúil.** Ó 2021 bíonn an lá seo á chomóradh ar an nDomhnach is cóngaraí **d'Fhéile Naomh Ioachim agus Naomh Anna (26 Iúil) –** tuismitheoirí na Maighdine Beannaithe Muire. Beidh Aifreann speisialta i gCnoc Mhuire don ócáid. Tá cóipeanna don bpaidir a chum an Pápa Benedict XVI ins na séipéil.

*A Thiarna Íosa, a saolaíodh den Maighdean Mhuire, iníon le Naomh Ioachim is le Naomh Anna, féach le barra grá ar na sean-aithreacha is ar na seana-mháithreacha ar fuaid an domhain. Tabhair cosaint dóibh! Is tobar saibhris iad: dá gclann, is do chlann a gclainne, is don Eaglais, is don saol ar fad. Tabhair taca dhóibh!* (An Pápa Benedict XVI)

**Gluaisteáin agus Honda 50**

Beidh taispeántas/turas gluaisteáin agus Honda 50 ar siúl i mBaile Mhic Eileagóid, Trá Lí V92 RF2X, Dé Domhnaigh seo chugainn, 2 Lúnasa. Clárú 9.00rn, turas ag tosnú 11.00rn. Síntiús ar mhaithe le Ciste Chúntóirí Oilithreacht na Deoise go Lourdes agus Naomh Eoin Dé, Oileán Beo, Oileán Chiarraí. Gach eolas: George 087 2814845/ Paul 087 6989878.

**Ciste an Pharóiste €1,010.00**

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –

**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana. **Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**

Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie